



GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE

**EACEA/2021/15/TA2f/AD7/Saineolaí ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
– Riarthóir**

Nós imeachta roghnúcháin seachtrach chun dhá liosta ionadaithe a thiomsú:

- 1) EACEA/2021/15 a/TA2f/AD7/ICT Sainanailísí Gnó**
- 2) EACEA/2021/15 b/TA2f/AD7/ICT Sainbhainistíocht Sonraí**

Gníomhaire Sealadach (2f) AD7

Áit: An Bhruiséil

Poist ar fáil ó: láithreach

An spriocdháta le haghaidh iarratais: 08/10/2021 ag 12.00 (meán lae), Am Lár na hEorpa

Is Gníomhaireacht Feidhmiúcháin ilchláir í an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) atá lonnaithe sa Bhruiséil.

I gcomhar le sé Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh, tá sé de phribhléid ag EACEA bainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme ceithre cinn de chláir maoiniúcháin shuaitheanta an Aontais Eorpaigh: Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta, an clár Saoránach, Comhionannais, Ceart agus Luachanna agus an Cór Dlíthpháirtíochta Eorpach.

Ó 2006 i leith, tá EACEA ag tacú le forbairt tionscadal oideachais, oiliúna, óige, spóirt, meán, cultúir, dlúthpháirtíochta, saoránachta agus luachanna. Thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh, oibríonn EACEA chun nuálaíocht a chothú sna réimsí sin, agus tugtar aird ar chomhar trasteorann agus léirítear cóimheas i gcónaí.

Mar eagraíocht nua-aimseartha, ghairmiúil, déanann EACEA a dhícheall feidhmiú ar bhealach cothrom agus trédhearcach, aird a thabhairt ar chaighdeán a bhaineann le rochtain chomhionann agus cóir chomhionann, agus tacú leis na tionscadail a thugann an léargas is fearr ar an Eoraip.

Is ionann a bheith ag obair in EACEA agus a bheith ag obair ag croílár bhainistiú tionscadal na hEorpa. Le breis is 400 comhalta foirne agus 20 náisiúntacht AE, is ionad oibre dinimiciúil, oscailte agus idirnáisiúnta é EACEA, atá ábalta freastal ar shaoránaigh na hEorpa agus saoránaigh na todhchaí a chumhachtú.

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait faoin nGníomhaireacht, féach ar ár suíomh gréasáin: <https://www.eacea.ec.europa.eu>

Is é is cuspóir don nós imeachta roghnúcháin seachtrach seo dhá liosta ionadaithe a thiomsú, ina mbeidh seisear iarrthóirí rathúla i ngach réimse:

- 1. Bainistiú tionscadal agus seirbhísí le béim ar shonraíocht agus ar anailís ar riachtanais ghnó (tá 6 iarrthóirí rathúla á lorg).**
- 2. Bainistiú tionscadal agus seirbhísí le fócas ar bhainistiú sonraí, faisnéise agus eolais (tá 6 iarrthóirí rathúla á lorg).**

NB. Ní féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ach ar réimse amháin.

I. CUR SÍOS AR NA CÚRAIMÍ

Is é an t-iarrthóir/na hiarrthóirí a roghnófar a bheidh freagrach as tionscadail agus seirbhísí TF a chomhordú agus a bhainistiú, agus tuairisceoidh sé nó sí do chomhalta d'fhoireann bainistíochta na n-aonad earcaíochta. Beidh an t-iarrthóir/na hiarrthóirí a roghnófar freagrach as na tionscadail TF a ullmhú, a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu d'fhonn cloí leis an sceideal agus leis an mbuiséad sainithe, agus bainistiú an chaidrimh idir na foirne teicniúla agus gnó ar leibhéal an tionscadail. Mar shaineolaithe TFC, beifear ag súil go ndéanfaidh an iarrthóir/na hiarrthóirí a roghnófar an méid seo a leanas:

Bainistiú tionscadal agus seirbhísí:

- Feidhmiú tionscadal a shainiú, a phleanáil agus a chomhordú trí nósanna imeachta bainistithe tionscadal ábhartha agus Rialachas TF na Gníomhaireachta a chur i bhfeidhm go héifeachtach;
- Soláthar seirbhísí TF mar bhainisteoir seirbhíse, bainisteoir athraithe nó saineolaí seirbhíse a shainiú, a bhunú agus cur leis an soláthar sin agus próisis ábhartha ITIL agus Rialachas TF na Gníomhaireachta á gcur i bhfeidhm;
- Cáilíocht tháirgí insoláthartha an tionscadail / na seirbhíse a bhailíochtú agus a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta glactha i bhfeidhm agus i gcomhréir leis na forálacha conarthacha maidir le glacadh le táirgí insoláthartha agus íoc astu;
- Bainistiú a dhéanamh ar na conarthaí agus ar na hacmhainní airgeadais a leithdháiltear ar thionscadail/ar sheirbhísí trí mheastacháin ar chostais a ullmhú, cleachtais atá molta maidir le bainistiú buiséid na Gníomhaireachta a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus soláthar tráthúil éifeachtach seirbhísí riachtanacha a áirithiú;
- Cur le soláthairtí mar chuid d'ullmhú na tairisceana, gníomhú mar chomhalta de phainéil mheastóireachta, agus rannchuidiú le hullmhú conarthaí agus le hidirbheartaíocht tairiscintí;
- Gnéithe slándála an tionscadail / na seirbhíse a bhainistiú i gcomhréir leis an mbeartas, na caighdeáin agus na treoirlínte slándála TF is infheidhme;
- Ionchur a sholáthar d'ullmhú bhuiséad airgeadais an Aonaid bunaithe ar na riachtanais sa réimse freagrachta;
- Cur le bainistíocht na foirne, i gcomhar le foireann bainistíochta an Aonaid;
- Cúraimí eile a bhaineann leis an bpost a chur i gcrích.

Ba cheart don iarrthóir a bheith toilteanach oibriú ar bhealach solúbtha ar thionscadail agus ar thascanna seirbhísbhunaithe éagsúla, a bheith ábalta díriú ar an obair agus comhoibriú go héifeachtach le roinnt foirne TF agus gnó sa Ghníomhaireacht. Ba cheart go mbeadh an t-iarrthóir ina ann tascanna éagsúla a láimhseáil agus díriú ar an spriodhata.

1. Bainistiú tionscadal agus seirbhísí le béim ar shonraíocht agus ar anailís ar riachtanais ghnó

Chomh maith le bainistiú tionscadal agus seirbhísí, mar shaineolaithe TFC sa réimse seo, beifear ag súil go ndéanfaidh an t-iarrthóir/na hiarrthóirí roghnaithe an méid seo a leanas:

- Comhoibriú le geallsealbhóirí inmheánacha agus conraitheoirí seachtracha chun táirgí insoláthartha tionscadal/seirbhíse a shainiú bunaithe ar riachtanais atá intuigthe agus sainithe go leormhaith;

- Dul i gcomhairle leis na haonaid oibríochtúla chun a gcuid riachtanas agus próiseas gnó a thuiscint, agus chun deiseanna a shainaithint chun a gcuid oibríochtaí a fheabhsú trí úsáid a bhaint as TF;
- Cabhrú le réitigh TF ar ardchaighdeán atá éifeachtúil ó thaobh costais de agus atá éifeachtach a shainmhíniú, a sholáthar agus a bhainistiú chun déileáil le riachtanais ghnó;
- Cabhrú le próisis ghnó a chuíchóiriú agus a chomhchuibhiú;
- Comhleanúnachas na réiteach a mholtar agus a chuirfear chun feidhme go háitiúil leis an tírdhreach corparáideach TF a áirithiú;
- Dlús a chur leis an nuálaíocht (réitigh, teicneolaíochtaí, modhanna, uirlisí).

2. Bainistiú tionscadal agus seirbhísí agus béim ar shonraí, ar fhaisnéis agus ar eolas a bhainistiú

Chomh maith le bainistiú tionscadal agus seirbhísí, mar shaineolaithe TFC sa réimse seo, beifear ag súil go ndéanfaidh an t-iarrthóir/na hiarrthóirí roghnaithe an méid seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí samhaltaithe sonraí a chur chun cinn agus a athbhreithniú, lena n-áirítear samhaltú sonraí fiontair, foclóir sonraí agus déantáin ailtireachta gaolmhara, fardal na sócmhainní sonraí a bhainistiú agus a choinneáil cothrom le dáta;
- Dearaí ailtireachta a chruthú;
- Feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanann an Ghníomhaireacht sonraí a bhailiú, a úsáid, a bhainistiú agus a fhoilsiú;
- Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar thomhais sonraí;
- A áirithiú go mbeidh sonraí ar fáil, go mbeidh siad iontaofa, comhsheasmhach, inrochtana, slán, agus tráthúil chun tacú le misean agus gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta;
- Beartais maidir le rialachas sonraí agus cáilíocht sonraí a shainiú agus a oibríochtú;
- Oibriú le soláthróirí réitigh inmheánacha agus seachtracha (soláthraithe seirbhísí agus ranna TF an Choimisiúin Eorpaigh) chun an sreabhadh oibre agus réitigh sonraí ceann go ceann a dhearadh, a chur chun feidhme agus tacú leo;
- Samhaltú toiseach a thuiscint agus a chur i bhfeidhm;
- Forbairtí teicneolaíochta a leanúint agus réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm i ndáil le riachtanais ghnó atá ann faoi láthair.

II. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Measfar go bhfuil iarrthóirí incháilithe le haghaidh roghnúcháin bunaithe ar na critéir fhoirmiúla seo a leanas nach mór a bheith comhlíonta faoin spriocdháta le haghaidh iarratas:

A. Coinníollacha ginearálta:

- A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach;
- A bheith i dteideal cearta iomlána mar shaoránach;
- Oibleagáidí ar bith arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta;
- Na riachtanais charachtair a bhaineann leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh¹;
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;

¹ Sula gceapfar é nó í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil a thugann le fios nach bhfuil taifead coiriúil aige nó aici.

- Is riachtanas é go mbeadh eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil ar theanga eile an Aontais Eorpaigh a mhéid is gá chun dualgais an phoist a chur i gcrích ag an iarrthóir.

Dá bhrí sin, ní mór go mbeadh eolas ag iarrthóirí ar dhá theanga oifigiúla AE, ar a laghad: teanga amháin ag leibhéal C1 ar a laghad (eolas críochnúil) agus an teanga eile ag leibhéal B2 ar a laghad (eolas sásúil). Tabhair do d'aire nach mór na híosleibhéil atá luaite thuas a chomhlíonadh i dtaca le gach inniúlacht teanga (labhairt, scríobh, léamh agus éisteacht) atá iarrtha san fhoirm iarratais. Comhfhreagraíonn na hinniúlachtaí seo don Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (<https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>).

Sna nósanna imeachta roghnúcháin seo, déanfaimid tagairt do na teangacha mar seo a leanas:

- Teanga 1: an teanga a tástáladh i rith an agallaimh.
- Teanga 2: an teanga atá le húsáid sa roghnúchán bunaithe ar cháilíochtaí (Talent Screener), tástáil scríofa, agallamh agus cumarsáid idir EACEA agus na hiarrthóirí a bhfuil iarratas bailí déanta acu. Is féidir aon cheann de 24 teanga oifigiúil an AE a roghnú mar theanga 1 ach ní mór go mbeadh teanga 1 agus teanga 2 difriúil. Ní mór an Béarla nó an Fhraincis a roghnú mar theanga 2. Ar mhaithe leis an tseirbhís, ceanglaítear ar iarrthóirí rathúla a earcófar sna réimsí áirithe seo eolas sásúil a bheith acu (leibhéal B2 ar a laghad) ar an mBéarla nó ar an bhFraincis. Cé go bhféadfadh eolas ar theangacha eile a bheith ina bhuntáiste, is iad an Béarla nó an Fhraincis, den chuid is mó a bheith in úsáid ag iarrthóirí rathúla le linn dóibh a gcuid oibre a chur i gcrích (cumarsáid inmheánach nó cumarsáid le geallsealbhóirí seachtracha, dréachtú sonraíochtaí agus tuarascálacha, anailís ar tháirgí agus timpeallachtaí TF). Dá bhrí sin, tá eolas sásúil ar cheann de na teangacha sin riachtanach. Úsáidtear an Béarla go forleathan i rith cruinnithe agus i gcumarsáid le seirbhísí eile de chuid na Gníomhaireachta agus le geallsealbhóirí seachtracha. Ar bhonn níos ginearálta, is é an Béarla an teanga a úsáidtear de ghnáth i saol na teicneolaíochta faisnéise agus sna fóraim agus sna heagraíochtaí idirnáisiúnta ar fad. Ina theannta sin, is i mBéarla amháin atá gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha sna réimsí TF a chumhdaítear leis na nósanna imeachta roghnúcháin seo (go háirithe maidir le slándáil TF). Tá eolas ar an bhFraincis ábhartha chun críocha na cumarsáide inmheánaí.

Ina theannta sin, tá údar le húsáid a bhaint as teanga 2 don Talent Screener toisc go ndéanann an Bord Roghnúcháin measúnú comparáideach ar theanga 2; úsáideann an Bord Roghnúcháin é mar dhoiciméad tagartha i rith an agallaimh agus úsáidtear é chun críocha earcaíochtaí má éiríonn le hiarrthóir. Dá bhrí sin, is chun leas na seirbhíse agus na n-iarrthóirí é, an Talent Screener a chomhlánú i dTeanga 2.

B. Coinníollacha sonracha:

a) Cáilíochtaí

Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó. Ba cheart go mbainfeadh an dioplóma le ceann de na réimsí seo a leanas: faisnéisíocht; ríomheolaíocht; ailtireacht faisnéise; staitistic; eolaíocht sonraí; innealtóireacht; innealtóireacht ghnó; matamaitic;

NÓ

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus 3 bliana de staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma i gceann de na réimsí seo a leanas: faisnéisíocht; ríomheolaíocht; ailtireacht faisnéise;

staitistic; eolaíocht sonraí; innealtóireacht; matamaitic; innealtóireacht ghnó; agus taithí ghairmiúil chuí 1 bhliain, ar a laghad².

b) Taithí ghairmiúil

Taithí ghairmiúil 6 bliana ar a laghad ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, agus 3 bliana den taithí sin, ar a laghad, sa réimse a roghnaíodh. Ní mór an taithí ghairmiúil a fháil i ndiaidh chomhlíonadh na n-íoscheanglas atá sonraithe i Rannóg II B.a) “Cáilíochtaí”.

III. NÓS IMEACHTA IARRATAIS

Iarrtar ar iarrthóirí iarratas a dhéanamh i mBéarla chun an próiseas roghnúcháin a éascú.

NB. Ní féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ach ar réimse amháin. Luaigh an tagairt chruinn i d'iarratas, le do thoil.

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- curriculum vitae mionsonraithe atá cothrom le dáta, i bhformáid **CV Europass** ³.
- **litir inspreatha**, lena n-áirítear a dtuairimí maidir leis an bpost atá beartaithe (dhá leathanach ar a mhéad).
- an **fhoirm Talent Screener comhlánaithe** go cuí

NB: Beidh dícháiliú mar thoradh ar neamhchomhlíonadh an cheanglais seo.

Ní mór iarratais a sheoladh trí ríomhphost amháin chuig an mbosca ríomhphoist fheidhmiúil:

EACEA-HR-SELECTION@ec.europa.eu

Dáta deiridh: Ní mór iarratais a chur isteach faoin 08/10/2021 ag 12:00 (meán lae) ar a dhéanaí, CET (seiceáil na hamchriosanna).

Moltar go láidir d'iarratasóirí gan fanacht go dtí an nóiméad deireanach chun a n-iarratas a chur isteach toisc go bhféadfadh trácht trom idirlín nó fadhbanna teicniúla eile a bheith ina gcúis le deacrachtaí nuair a bheifear ag cur iarratais isteach. Ní bheidh an Ghníomhaireacht freagrach as a leithéid d'fhadhbanna agus tabharfaidh an Ghníomhaireacht neamhaird ar iarratais a chuirtear isteach tar éis an spriocdháta nó nach bhfuil iomlán.

Iarrfar doiciméid tacaíochta ina bhfuil fianaise ar an bhfaisnéis a tugadh san fhoirm iarratais ag céim níos déanaí. Ní sheolfar aon doiciméad ar ais chuig iarrthóirí. Más rud é go bhfaightear amach, ag céim ar bith den nós imeachta, gur falsaíodh an fhaisnéis a tugadh in iarratas go feasach, dícháileofar an t-iarrthóir ón bpróiseas roghnúcháin.

² Ní bhreithneofar ach teidil staidéir arna mbronnadh i mBallstáit an AE (nó an teastas coibhéise arna eisiúint ag údaráis cháilithe na mBallstát).

³ Tá eolas maidir le formáid CV an AE le fáil ag: <http://europa.eu/europass>

IV. AN BORD ROGHNÚCHÁIN

Is é Stiúrtóir EACEA a cheapfaidh Bord Roghnúcháin agus beidh triúr comhaltaí ar a laghad air, lena n-áirítear comhalta arna ainmniú ag Coiste Foirne na Gníomhaireachta.

Tá obair agus plé an Bhoird Roghnúcháin faoi rún. Níor cheart d'iarrthóirí dul i dteagmháil leis an mBord Roghnúcháin, go díreach ná go hindíreach, in aon imthosca, maidir leis an earcaíocht seo. Forchoimeádann an t-údarás atá údaraithe conarthaí fostaíochta a chur i gcrích an ceart chun aon iarrthóir a dhéanann neamhshuim de na teoracha seo a dhícháiliú.

V. AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

1. Seiceáil incháilitheachta

Déanfar na coinníollacha incháilitheachta atá leagtha síos i Rannóg II 'Critéir incháilitheachta' a sheiceáil i gcomparáid leis na sonraí a thug na hiarrthóirí ina n-iarratais. Is é an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích a sheiceálfaidh an gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta ginearálta faoi phointe II.A agus seiceálfaidh an Bord Roghnúcháin an gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta sonracha faoi phointe II.B 'Coinníollacha sonracha: Cáilíochtaí agus Taithí Ghairmiúil'.

2. Roghnúchán bunaithe ar cháilíochtaí

Is le haghaidh na n-iarrthóirí incháilithe amháin atá roghnaithe de réir an eolais thuas a chuirfear an roghnúchán bunaithe ar cháilíochtaí i gcrích, trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a chuir na hiarrthóirí ar fáil san fhoirm 'Talent Screener'. I gcás gach réimse, tabharfaidh an Bord Roghnúcháin ualú do gach critéar roghnúcháin a léiríonn tábhacht an chritéir sin le hais na gcritéar eile (1 go 3) agus tabharfar idir 0 agus 4 pointe do gach freagra a thug an t-iarrthóir. Ansin, iolróidh an Bord Roghnúcháin na pointí faoin ualú atá luaite le gach critéar, agus suimeofar iad chun na daoine is mó a n-oireann a bpróifílí do dhualgais an phoist a shainaitheint.

Féach Iarscríbhinn I le haghaidh an liosta critéar de réir réimse.

Is iad na hiarrthóirí a ghnóthaigh na marcanna foriomlána is airde sa roghnúchán bunaithe ar cháilíochtaí, agus na hiarrthóirí sin amháin, a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den nós imeachta.

3. Tástáil scríofa

Tabharfar cuireadh chun na tástála scríofa d'uasmhéid cúig oiread ar a mhéad, líon na n-iarrthóirí rathúla atá á lorg⁴ i ngach réimse. Má bhíonn an marc a ghnóthóidh tú sa roghnúchán bunaithe ar cháilíochtaí i measc ceann de na marcanna foriomlána is airde, tabharfar cuireadh duit tástáil scríofa a dhéanamh.

⁴ Maidir leis an áit dheireanach, sa chás go ngnóthaíonn roinnt iarrthóirí an marc céanna, tabharfar cuireadh dóibh ar fad an tástáil scríofa a dhéanamh.

Beidh sé mar aidhm leis an tástáil scríofa, a reáchtálfar i mBéarla nó i bhFraincis (teanga 2), measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí dréachtaithe na n-iarrthóirí, eolas sonrach a bhaineann leis an bpróifíl, anailís agus réiteach fadhbanna, agus na hinniúlachtaí chun cáilíocht agus torthaí a sholáthar. As 50 a mharcálfar an tástáil scríofa agus beidh pasmharc de 30 i gceist.

4. Agallamh

Tabharfar cuireadh chun an agallaimh do 15 iarrthóir rathúla ar a mhéad i ngach réimse⁵, a ghnóthaíonn na marcanna is fearr i ndiaidh na tástála scríofa.

Déanfar measúnú i rith an agallaimh ar a oiriúnaí atá na hiarrthóirí chun na dualgais a bhfuil cur síos orthu faoi pointe I den fhógra seo a chomhlíonadh, a n-eolas gairmiúil agus a gcúlra gairmiúil, an t-eolas sonrach atá acu i ndáil leis an bpróifíl, an cumas atá acu dul chun cinn a dhéanamh san fheidhm atá le líonadh agus feidhmeanna eile amach anseo, a n-inspreagadh, a leibhéal teangacha agus an méid atá ar eolas acu faoin Aontas Eorpach.

Marcálfar an t-agallamh as 50 agus beidh pasmharc de 30 i gceist.

Is i mBéarla nó i bhFraincis a dhéanfar an t-agallamh (teanga 2). Cuirfear roinnt ceisteanna i dteanga 1. Is féidir go ndéanfar na teangacha eile a shonraigh na hiarrthóirí ina n-iarratas a thástáil le linn an agallaimh chomh maith.

NB: féadfar an tástáil scríofa agus an t-agallamh a eagrú sa Bhruiséil nó go cianda, ag brath ar staid COVID-19. Tabharfar treoir d'iarrthóirí dá réir sin.

Tabharfar na sonraí teicniúla a bhaineann leis an tástáil scríofa agus leis an agallamh do na hiarrthóirí ag céim níos déanaí.

5. Liostaí ionadaithe

I ndiaidh dó doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí a sheiceáil, tiomsóidh an Bord Roghnúcháin liosta ionadaithe do gach réimse, ar a mbeidh na hiarrthóirí incháilithe a bhfuil na marcanna foriomlána is airde acu i ndiaidh an agallaimh, go dtí go sroicfear an líon iarrthóirí rathúla atá á lorg⁶. In ord aibítre a liostófar na hainmneacha.

Ní hionann iarrthóirí a bheith ainmnithe ar an liosta ionadaithe agus duine a earcú. Beidh earcaíocht bunaithe ar infhaighteacht post agus ar bhuiséad. Beidh an liosta cúltaca bailí go dtí 31/12/2023. Féadfaidh EACEA cinneadh a dhéanamh síneadh a chur le bailíocht an liosta.

VI. RANPHÁIRTÍOCHT AGUS COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

Fostaítear an t-iarrthóir rathúil⁷ mar Ghníomhaire Sealadach i gcomhréir le hAirteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS) mar riarthóir ag grád AD7. Tugtar an conradh fostaíochta i gcrích ar feadh tréimhse chinnte 2 bliana. Féadfar an conradh

⁵ Maidir leis an áit dheireanach, sa chás go ngnóthaíonn roinnt iarrthóirí an marc céanna, tabharfar cuireadh dóibh ar fad chun an agallaimh.

⁶ Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, ainmneofar iad ar fad ar an liosta.

⁷ Sula gceapfar iad, ní mór do na hiarrthóirí rathúla dul faoi scrúdú leighis a bheidh á dhéanamh ag seirbhísí leighis an Choimisiúin chun a sheiceáil an gcomhlíonann siad an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 12(d) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

sin a athnuachan go ceann bliana eile. Is ar feadh tréimhse éiginnte a dhéanfar aon athnuachan ina dhiaidh sin.

Is é EUR 6 294,84 an buntuarastal míosúil do Ghníomhaire Sealadach AD7 (céim 1). Le cois an bhuntuarastail, d'fhéadfadh go mbeadh comhaltaí foirne i dteideal liúntas éagsúil, go háirithe liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), liúntas linbh chleithiúnaigh agus liúntas oideachais. Tá an tuarastal faoi réir cháin an Chomhphobail a asbhaintear ag an bhfoinse agus tá comhaltaí foirne díolmhaithe ó chánachas náisiúnta.

Is é an Bhruiséil, an Bheilg, áit a bhfuil suíomh na Gníomhaireachta, an áit fostaíochta.

Tá tuilleadh faisnéise le fáil [sna Rialacháin Foirne](#).

VII. FAISNÉIS D'IARRTHÓIRÍ

Cuirfear admháil fála chuig gach iarrthóir trí ríomhphost chun a dheimhniú go bhfuarthas a n-iarratas.

Cuirfear na hiarrthóirí uile ar an eolas in am trátha faoin bpróiseáil a dhéantar ar a n-iarratas, agus cuirfear in iúl dóibh cé acu a thabharfar cuireadh dóibh freastal ar an nós imeachta roghnúcháin a bhfuil cur síos air thuas nó nach dtabharfar. Seolfar na fógraí sin trí ríomhphost nó in Ares.

Féadfaidh iarrthóirí soiléiriú maidir le próiseáil a n-iarratais a iarraidh trí ríomhphost ina luaitear tagairt an roghnúcháin lena mbaineann a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

[**EACEA-HR-SELECTION@ec.europa.eu**](mailto:EACEA-HR-SELECTION@ec.europa.eu)

VIII. IARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ

Iarrthóirí a mheasann go ndearnadh botún sa mheasúnú ar a bpróifíl, féadfaidh siad a iarraidh go ndéanfaí é a athmheasúnú trí iarraidh ar athbhreithniú a sheoladh chuig an mBord Roghnúcháin ag an seoladh seo a leanas laistigh de 10 lá oibre ón dáta ar an ríomhphost/nóta ag cur in iúl gur diúltaíodh dá iarratas / dá hiarratas, agus uimhir an nós imeachta roghnúcháin lena mbaineann á lua: EACEA-HR-SELECTION@ec.europa.eu.

Déanfaidh an Bord Roghnúcháin an t-iarratas a athmheas agus cuirfidh sé a chinneadh in iúl don iarrthóir laistigh de 15 lá oibre tar éis dó an litir a fháil.

• Gearán a dhéanamh ar bhonn Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (SR)

Féadfaidh iarrthóirí gearán a dhéanamh ar bhonn Airteagal 90(2) de SR, a bheidh le cur faoi bhráid Stiúrthóir EACEA, Roberto CARLINI, trí ríomhphost a sheoladh chuig

[**EACEA-HR-SELECTION@ec.europa.eu**](mailto:EACEA-HR-SELECTION@ec.europa.eu).

Is é an teorainn ama a leagtar amach do nós imeachta den chineál seo 3 mhí ón dáta a dtugtar fógra faoin gcaingean a dhéanann dochar don ghearánach.

• Achomharc breithiúnach

Féadfaidh iarrthóirí achomharc breithiúnach a chur isteach ar bhonn Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne. Chun sonraí a fháil maidir le conas achomharc breithiúnach a chur isteach agus maidir le conas na spriocdhátaí a chinneadh, féach ar shuíomh gréasáin na Cúirte Ginearálta (<https://curia.europa.eu>).

• Gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach

Féadfaidh iarrthóirí, amhail saoránaigh uile an Aontais, gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach. Sula gcuirfidh tú gearán faoi bhráid an Ombudsman, ní mór duit teagmháil riaracháin iomchuí a dhéanamh ar dtús leis na hinstiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann (féach thuas). Ní chuirfear síneadh leis na spriocdhátaí chun gearáin riaracháin nó achomhairc bhreithiúnacha a thaisceadh nuair a dhéantar gearán leis an Ombudsman.

Féach ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh (<https://www.ombudsman.europa.eu/en/home>).

Cosaint sonraí

Áiríteoidh an Gníomhaireacht go ndéanfar faisnéis phearsanta iarrthóirí a phróiseáil de réir mar a cheanglaíonn Rialachán (AE) 2018/1725ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus saorghluaiseacht sonraí den chineál sin⁸, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Téacs Chinneadh Uimh. 1247/2002/CE atá ábhartha maidir le LEE. Tá an Ráiteas Príobháideachais le fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, lena n-áirítear sonraí faoin gceart chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus chun iad a cheartú.

⁸ IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

Iarscríbhinn I - Critéir roghnúcháin

Breithníonn an Bord Roghnúcháin na critéir seo a leanas don roghnúchán bunaithe ar cháilíochtaí:

A. Bainistiú tionscadal agus seirbhísí le béim ar shonraíocht agus ar anailís ar riachtanais ghnó

1. Inniúlachtaí anailíseacha den scoth, atá cruthaithe i gcomhthéacs próiseas gnó agus anailís agus sonraíocht ceanglas gnó.
2. Cáilíocht ghairmiúil i mbainistiú tionscadal arna léiriú le creidiúnú / teastasú / oiliúint fhoirmiúil (e.g. PM2, Prince2, PMI).
3. Cáilíocht ghairmiúil i mbainistiú seirbhísí arna léiriú le creidiúnú / teastasú / oiliúint fhoirmiúil (e.g. ITIL, Cobit).
4. Teastasú, staidéar agus/nó oiliúint bhreise a bhaineann leis na cúraimí atá liostaithe sa sainchuntas poist.
5. Taithí ghairmiúil ar bhainistiú tionscadal casta.
6. Dea-thréithe ceannaireachta, lena n-áirítear an cumas comhghleacaithe a spreagadh, smaointe cruthaitheacha a spreagadh, daoine a spreagadh, cuspóirí a shonrú agus aiseolas cuiditheach a thabhairt.
7. Taithí oibre faighte i dtimpeallacht idirnáisiúnta agus ilchultúrtha.

B. Bainistiú tionscadal agus seirbhísí agus béim ar shonraí, ar fhaisnéis agus ar eolas a bhainistiú

1. Sárchumas anailíseacha, atá cruthaithe i gcomhthéacs anailíse sonraí.
2. Cáilíocht ghairmiúil i mbainistiú tionscadal arna léiriú le creidiúnú / teastasú / oiliúint fhoirmiúil (e.g. PM2, Prince2, PMI).
3. Cáilíocht ghairmiúil i mbainistiú seirbhísí arna léiriú le creidiúnú / teastasú / oiliúint fhoirmiúil (e.g. ITIL, Cobit).
4. Cáilíocht ghairmiúil i mbainistiú sonraí arna léiriú le creidiúnú / teastasú / oiliúint fhoirmiúil (e.g. CDMP, Gairmí Bainistithe Sonraí Deimhniche).
5. Teastasú, staidéar agus/nó oiliúint bhreise a bhaineann leis na cúraimí atá liostaithe sa sainchuntas poist.
6. Taithí ghairmiúil ar theicneolaíochtaí sonraí amhail máistirbhainistiú sonraí (MDM), faisnéis ghnó, mianadóireacht sonraí, fíorúlú sonraí, scáileáin eolais agus uirlisí gaolmhara.
7. Dea-thréithe ceannaireachta, lena n-áirítear an cumas comhghleacaithe a spreagadh, smaointe cruthaitheacha a spreagadh, daoine a spreagadh, cuspóirí a shonrú agus aiseolas cuiditheach a thabhairt.
9. Taithí oibre faighte i dtimpeallacht idirnáisiúnta agus ilchultúrtha.